Téipscript

Topaic: **An Scoil**
Fothopaic: **Scoil Tuaithe**
Cainteoir: **Caitríona Budhlaeir**

D'aistríomar abhaile ó Bhaile Átha Cliath go Ciarraí nach mór deich mbliana ó shin anois agus tá na leanaí ag dul ar scoil go háitiúil, an scoil anseo, agus baineann siad ana-shásamh as an scoil mar tá an scoil ana-bheag ar fad. Ach tá aithne ana-mhaith acu ar na leanaí ar fad sa scoil agus fiú amháin buailimid leo lasmuigh den scoil agus tá aithne againn ar fad ar a chéile, na tuismitheoirí, agus bíonn saol sóisialta ana-mhaith againn is dócha, fiú amháin lasmuigh den scoil. Is scoil Ghaeltachta í agus is breá liom é sin mar tá ana-fhonn orm go mbeadh Gaolainn ag mo leanaí. Agus sin é, is dócha.

Nótaí:

Tá canúint na Mumhan ag an gcainteoir, Caitríona. Seo tréithe atá le tabhairt faoi deara ina cuid cainte:

- I gcanúint na Mumhan, baintear úsáid as an réimír '-ana' i gcónaí. Samplaí 'ana-dheas'; 'ana-mhaith'; 'ana-chrosta' etc.
- 'Gaolainn' a deirtear i gcanúint na Mumhan i gcomhair 'Gaeilge'.